



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra Méadaithe)

12 Márta 2025 *

(Státchabhair – Beart chun praghsanna mórdhíola an leictreachais a laghdú i Leithinis na hIbéire – Géarchéim fuinnimh – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Dua mór gan bheith ann – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Comhréireacht – Ionchas dhlisteanach)

I gCás T-596/22,

PGI Spain, SL, arna bhunú in Barcelona (an Spáinn),

Berry Superfos Pamplona, SA, arna bhunú in Navarra (an Spáinn),

Promens Packaging, SA, arna bhunú in Barcelona,

RPC Envases, SA, arna bhunú i Maidrid (an Spáinn),

Zeller Plastik España, SL, arna bhunú in Barcelona,

arna n-ionadú ag P. Holtrop, Dlíodóir,

iarratasóirí,

v

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag T. Scharf, I. Georgiopoulos agus C.M. Carrega, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le tacaíocht ó:

Ríocht na Spáinne, arna hionadú ag A. Gavela Llopis agus M. Morales Puerta, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. van der Woude, Uachtarán, P. Škvařilová-Pelzl, I. Nömm (Rapóirtéir), G. Steinfatt agus D. Kukovec, Breithiúna,

* Teanga an cháis: an Béarla.

Cláraitheoir: A. Marghelis, Riarthóir,
ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,
tar éis éisteacht an 17 Meán Fómhair 2024,
an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Trína gcaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, PGI Spain, SL, Berry Superfos Pamplona, SA, Promens Packaging, SA, RPC Envases, SA agus Zeller Plastik España, SL go gcuirfí ar neamhní Cinneadh C(2022) 3942 final ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2022 maidir le Státchabhair SA.102454 (2022/N) – an Spáinn agus SA.102569 (2022/N) – an Phortaingéil – Sásra um chostais ginte a choigeartú chun praghas mórdhíola an leictreachais i margadh na hIbéire a laghdú ('an cinneadh atá faoi chonspóid').

Cúlra na díospóide

- 2 An 20 agus an 23 Bealtaine 2022 faoi seach, d'fhógair Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Portaingéile beart don Choimisiún Eorpach chun praghas mórdhíola an leictreachais i margadh na hIbéire a laghdú trí fhóirdheontas a thabhairt ar chostais an mhéid a ionchuirtear trí theicneolaíochtaí atá bunaithe ar bhreosla iontaise ('an beart fógartha').
- 3 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, chinn an Coimisiún gan agóidí a dhéanamh de réir Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar amach rialacha mionsonraithe chun Airteagal 108 CFAE a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9).
- 4 Sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, chuir an Coimisiún síos ar bhuntréithe an bhirt fhógartha. Go háirithe, luaigh sé a leanas, *inter alia*:
 - Ba é comhthéacs an bhirt fhógartha na géarchéimeanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu sna margáí náisiúnta agus idirnáisiúnta le 20 nó 30 bliain anuas ar dá bharr a tháinig méadú ar phraghsanna na mbreoslaí iontaise, go háirithe ar ghás nádúrtha (míreanna 4 agus 5);
 - chuaigh sin i bhfeidhm ar theaghlaigh agus ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide atá faoi réir comhaontuithe a rialaítear sa Spáinn, arbh iad sin an 'precio voluntario para el pequeño consumidor' (PVPC, costas deonach atá ar thomhaltóirí beaga) agus an lasaine rialaithe le haghaidh tomhaltóirí áirithe atá ar lagchuidiú ar a thugtar an 'Bono social' ('na comhaontuithe rialaithe' le chéile), agus ar nach mór gach uile sórt gníomhaíochta eacnamaíche (míreanna 6 agus 7);
 - sheastaí i margadh laethúil leictreachais an Aontais Eorpaigh ar mhodh praghsála bunaithe ar an imeallchostas, rud a chiallaíodh gurbh ag an bhfoinse ginte dheireanach riachtanach a shocraítí costas an leictreachais chun riar ar an éileamh ag uair áirithe, ba mhinic sin ag gléasraí cumhachta breoslaí iontaise, arb iad sin na gléasraí is daoire de bharr na gcostas mór oibriúcháin a bhíonn iontu (míreanna 20-23 agus 34);

- b'éard a bhí i gceist leis an mbeart fógartha ná íocaíochtaí a dhéanamh le hoibreoirí gléasraí cumhachta breosla iontaise i Leithinis na hIbéire chun praghas an leictreachais a laghdú sna margaí mórdhíola agus, dá bharr sin, sna margaí miondíola (míreanna 24 agus 33 go 39);
 - b'údar maoinithe leis an mbeart fógartha, go háirithe, ranníocaíocht ('an ranníocaíocht') arna forchur ag an Operador del Mercado Ibérico de la Energía-Polo Español, SA (OMIE) ar cheannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola leictreachais, ba é sin soláthróirí leictreachais agus tomhaltóirí ag ceannach an leictreachais go díreach sa mhargadh mórdhíola chun a leasa féin ('tomhaltóirí díreacha'), de réir mhéid an leictreachais a cheannaídis (míreanna 25 agus 44);
 - dhíolmhaítí ceannaitheoirí áirithe sa mhargadh mórdhíola leictreachais ón ranníocaíocht, go háirithe na ceannaitheoirí a rinne comhaontuithe ar phraghas socraithe roimh an 26 Aibreán 2022, faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh, go háirithe go gcuirfidís a gcomhaontuithe in iúl do OMIE ('an díolúine ón ranníocaíocht') (mír 45(d) go mír 48).
- 5 Ar an dara dul síos, scrúdaigh an Coimisiún faoi mar a thugtar síos don bheart fógartha i bhfianaise Airteagal 107(1) CFAE. Cé gur mheas an Coimisiún gur tháinig an beart fógartha faoi raon feidhme na forála sin, níor bhain an tuairim sin leis an díolúine ón ranníocaíocht. I ndáil leis sin, fuair sé amach nach mbeadh éifeachtaí fóinteacha ag an mbeart do cheannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola a rinne comhaontuithe a bhaineann lena gceannacháin leictreachais sular glacadh an beart fógartha, ar uaidh sin a thug sé le tuiscint nach rachadh an díolúine ar sochar roghnaitheach dóibh agus, dá bhrí sin, nach raibh Stáitchabhair le tabhairt síos dó (míreanna 97 go 106 den chinneadh atá faoi chonspóid).
- 6 Ar an tríú dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht an bhirt fhógartha leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3)(b) CFAE. Mheas sé, *inter alia*, gur riachtanach iomchuí comhréireach an beart (míreanna 107 go 154 den chinneadh atá faoi chonspóid) agus nár sáraíodh leis aon cheann d'fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais, go háirithe forálacha Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO 2019 L 158, lch. 54) agus Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO 2019 L 158, lch. 125) (míreanna 174 go 192).

An t-ordú atá á lorg

- 7 Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:
- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
 - a ordú don Choimisiún na costais a íoc.
- 8 Iarrann an Coimisiún agus Ríocht na Spáinne ar an gCúirt Ghinearálta:
- an chaingean a dhíbhe;
 - a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc.

An dlí

- 9 Is cuideachtaí de chuid na Spáinne iad na hiarratasóirí nach bhfaigheann a gcuid leictreachais go díreach sa mhargadh mórdhíola leictreachais, ach trí sholáthróir leictreachais. D'fhonn seasmhacht phraghas an tsoláthair leictreachais a chinntiú, rinne na hiarratasóirí comhaontuithe ceannaigh cumhachta. Rinne na hiarratasóirí comhaontuithe faoi chuid den leictreachas a sholáthar, ar comhaontuithe iad ina raibh páirt ann ag gnóthas nach é an soláthróir leictreachais fisiciúil agus a sheasann ar fíochtaí cúitimh de réir a bhfuil idir an praghas sa mhargadh agus an praghas arna shocrú sa chonradh. Tugann siad comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta síos don chineál comhaontuithe sin.
- 10 Cuireann na hiarratasóirí, mar pháirtithe leasmhara agus ar mhaithe le cosaint a gceart nós imeachta faoi Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 a áirithiú, i leith an Choimisiúin nár mheas sé go raibh dua mór ag baint leis an mbeart fógartha b'údar leis an nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh.
- 11 Ní mór a thabhairt chun cuimhne go bhfuil dleathacht cinnidh, amhail an cinneadh atá faoi chonspóid, gan agóidí a dhéanamh, de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán 2015/1589, faoi réir cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an measúnú ar an bhfaisnéis agus fianaise a bhí ag an gCoimisiún le linn na chéad chéime den scrúdú ar an mbeart fógartha le bheith ina ábhar amhrais faoi chabhair a thabhairt síos don bheart sin agus faoi chomhréireacht an bhirt sin leis an margadh inmheánach, ós rud é nach mór a leithéid d'amhras a bheith ina chúis le nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh, a bhfuil páirt inghlactha ann ag na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 1(h) den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 38, agus an 5 Meán Fómhair 2024, *an tSlóivéin v an Coimisiún*, C-447/22 P, EU:C:2024:678, mír 53).
- 12 I gcás ina n-iarrann iarratasóir go gcuirfí cinneadh gan agóidí a dhéanamh ar neamhní, is é is ábhar conspóide aige go bunúsach ná gur glacadh an cinneadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún maidir leis an gcabhair i gceist gan an nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh ag an institiúid sin, ar dá réir gur sáraíodh a chearta nós imeachta. Chun go ngéillfí dá iarratas ar neamhní, d'fhéadfadh an t-iarratasóir a rogha saincheist dlí a agairt le léiriú go raibh an measúnú ar an bhfaisnéis agus fianaise a bhí ag an gCoimisiún le linn na chéad chéime den scrúdú ar an mbeart fógartha le bheith ina ábhar amhrais faoi chabhair a thabhairt síos don bheart sin agus faoi chomhréireacht an bhirt sin leis an margadh inmheánach. Mar sin féin, ní fhéadfaí cuspóirí ná coinníollacha inghlacthachta na caingne a athrú de bharr a leithéide d'argóintí a úsáid. Os a choinne sin, is í an fhianaise dhíreach atá le tabhairt ar aird le léiriú gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún an nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 108(2) CFAE ná gurbh ábhar amhrais faoi mar a thugtar síos dó nó an a chomhréireacht (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 13 Tá sé le cruthú go bhfuil a leithéid d'amhras ann, atá le scrúdú i ndáil le glacadh an chinnidh gan agóidí a dhéanamh agus de réir a ábhair, le tabhairt ar aird ag an iarratasóir go gcuirfí an cinneadh sin ar neamhní, trí bheart fianaise comhthacaíochta (breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 40, agus an 5 Meán Fómhair 2024, *an tSlóivéin v an Coimisiún*, C-447/22 P, EU:C:2024:678, mír 51).

- 14 Go háirithe, is fianaise ar dhua mór a bheith ag baint leis an measúnú ar an mbeart i gceist, ar dá réir a bhfuil an nós imeachta foirmiúil um scrúdú le tionscnamh gurb uireasach nó easnamhach an scrúdaithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún le linn an nós imeachta réamhscrúdaithe (breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 41, agus an 5 Meán Fómhair 2024, *an tSlóivéin v an Coimisiún*, C-447/22 P, EU:C:2024:678, mír 52).
- 15 Ina theannta sin, is de réir ní hamháin faisnéis atá ag an gCoimisiún ar a dhéanamh ach fianaise a bhfuil teacht aige uirthi nach mór do chúirt an Aontais measúnú a dhéanamh ar dhleathacht cinnidh gan agóidí a dhéanamh, a rinneadh le linn an nós imeachta réamhscrúdaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 16 I measc na fianaise a bhfuil ‘teacht’ ag an gCoimisiún uirthi atá fianaise is cosúil gurbh ábhartha í don mheasúnú le déanamh de réir an chásdlí dá dtagraítear i mír 11 thuas agus arbh infhaighte aige, ar iarratas, le linn an nós imeachta riaracháin (breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 43, agus an 5 Meán Fómhair 2024, *an tSlóivéin v an Coimisiún*, C-447/22 P, EU:C:2024:678, mír 54).
- 17 Go deimhin, ceanglaítear ar an gCoimisiún an nós imeachta um scrúdú ar na bearta i gceist a chur i ngníomh go neamhchlaonta dícheallach chun a iomláine iontaofa sin d’údar a bheith aige leis agus cinneadh críochnaitheach á ghlacadh gurb ann do chabhair agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil sí neamhréireach neamhdhleathach (breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 44, agus an 5 Meán Fómhair 2024, *an tSlóivéin v an Coimisiún*, C-447/22 P, EU:C:2024:678, mír 55).
- 18 Dá rialódh an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, agus scrúdú á dhéanamh aici an ann do Státchabhair agus an neamhréireach neamhdhleathach í, b’fhéidir gur ghá don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, ní hamháin scrúdú a dhéanamh ar na fíorais agus dlí arna gcur in iúl dó, níorbh intugtha le tuiscint ón gcásdlí sin nach mór don Choimisiún an fhaisnéis ar fad a thabhairt ar aird a d’fhéadfadh baint a bheith aici leis an gcás atá idir lámha aige, as a stuaim féin agus i gcás nach bhfuil aon fhianaise air sin, fiú i gcás ina bhfuil a leithéid d’fhaisnéis ar fáil go poiblí (breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 45, agus an 5 Meán Fómhair 2024, *an tSlóivéin v an Coimisiún*, C-447/22 P, EU:C:2024:678, mír 56).
- 19 Mar thaca lena gcaingean, maíonn na hiarratasóirí cúig shaincheist dlí, lena n-éilítear, leis an gcéad cheann acu, gur bhain an Coimisiún míbhrí as an mbeart fógartha, leis an dara ceann acu, earráidí arna ndéanamh agus measúnú á dhéanamh ar chineál iomchuí comhréireach an bhirt fhógartha, leis an tríú ceann acu, sárú ar Airteagal 10 de Rialachán 2019/943 agus ar Airteagal 5 de Threoir 2019/944, leis an gceathrú ceann acu, sárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus, leis an gcúigiú ceann acu, sárú ar an bprionsabal go gcosnófaí an t-ionchas dlisteanach.
- 20 Ba bhunsíocair na saincheistean dlí sin go gcuireann na hiarratasóirí i leith an Choimisiúin nár thionscain sé an nós imeachta foirmiúil um scrúdú ar an mbeart fógartha, cé gurbh ábhar amhrais í comhréireacht an bhirt sin leis an margadh inmheánach, mar gheall ar an mbaint a bheith ag raon feidhme an díolúine ón ranníocaíocht le ceannaitheoirí ar an margadh mórdhíola leictreachais amháin, agus ní le ceannaitheoirí miondíola, agus ar an drochthionchar a imríodh

leis sin ar cheannaitheoirí sa mhargadh miondíola ar thug comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta, amhail na hiarratasóirí, a chuir a soláthróir fisiciúil leictreachais costas na ranníocaíochta orthu gan laghdú a theacht ar phraghas a leictreachais.

Fianaise agus argóintí na n-iarratasóirí arna dtíolacadh ag na hiarratasóirí ar an 10 Lúnasa 2023

- 21 Measann an Coimisiún agus Ríocht na Spáinne nach mór diúltú don fhianaise agus do na hargóintí arna dtíolacadh ag na hiarratasóirí an 10 Lúnasa 2023 mar fhreagra ar an ráiteas idirghabhála ó Ríocht na Spáinne toisc gur neamh-inghlachta iad mar taisceadh go déanach í. Dar leis an gCoimisiún chomh maith nach bhfuil feidhm acu, ach go háirithe, toisc gur tháinig siad i ndiaidh an chinnidh atá faoi chonspóid dá bhrí nach inchurtha san áireamh iad d'fhonn grinnscrúdú a dhéanamh ar a ndleathacht.
- 22 I ndáil leis sin, is fíor, agus a gcuid barúlacha á taisceadh an 10 Lúnasa 2023, gur thug na hiarratasóirí fianaise nua ar aird, a bhain idir leis an athrú ar an mbeart fógartha i ndiaidh an chinnidh atá faoi chonspóid, ar dá réir is féidir leis na ceannaitheoirí sa mhargadh miondíola leictreachais fógra a thabhairt do OMIE ar a gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta le haghaidh na tréimhse idir mí na Bealtaine go mí na Nollag 2023 as sin ar aghaidh agus leis an gcinneadh ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 gan agóidí a dhéanamh i ndáil leis an athrú sin ar an mbeart.
- 23 Ó tharla nach gá a fhiafraí an bhfuil nó nach bhfuil moill ar an bhfianaise agus argóintí sin a bhaineann léi ar dá réir gur neamh-inghlachta iad, is leor a chur i dtreis nach inchurtha san áireamh an fhianaise sin agus scrúdú á dhéanamh ar dhleathacht an chinnidh atá faoi chonspóid ach go háirithe, mar a áitíonn an Coimisiún agus an ceart aige.
- 24 Go deimhin, fágann an cásdlí arna lua i mír 15 thuas nach mór measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid de réir na faisnéise a bhfuil teacht ag an gCoimisiún uirthi ar a dhéanamh. Cuirtear an prionsabal i sainfheidhm níos ginearálta ansin, ar dá réir, i gcaingean le haghaidh neamhniú, nach mór measúnú a dhéanamh ar dhleathacht ghníomh an Aontais de réir na bhfíoras agus an dlí atá ann ar dháta glachta an ghnímh sin, rud a fhágann nach féidir dul i bhfeidhm ar dhleathacht cinnidh le gníomhartha i ndiaidh a ghlacadh (féach breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2019, *Alcogroup agus Alcodis v an Coimisiún*, C-403/18 P, EU:C:2019:870, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 25 Dá bhrí sin, ní féidir an fhianaise arna tíolacadh ag na hiarratasóirí an 10 Lúnasa 2023 agus, dá bhrí sin, argóintí na n-iarratasóirí ina leith a chur san áireamh san athbhreithniú ar dhleathacht an chinnidh atá faoi chonspóid.

An chéad saincheist dlí agus an ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear, faoi seach, gur bhain an Coimisiún míbhrí as an mbeart fógartha agus gurb idirdhealaitheach é

- 26 Measann an Chúirt nach mór scrúdú a dhéanamh ar an dá shaincheist dlí sin le chéile.
- 27 Leis an gcéad saincheist dlí, seasann na hiarratasóirí air nár bheacht go leor an anailís de chuid an Choimisiúin ar fheidhmiú an bhirt fhógartha, ó ní ba léir uaithi ar chuir sé san áireamh go n-úsáideadh na ceannaitheoirí miondíola a gcomhionann de shásraí chun a leictreachas a cheannach agus a d'úsáideadh na ceannaitheoirí mórdhíola, lena n-áirítear comhaontuithe

airgeadais ceannaigh cumhachta. I ndáil leis sin, áitíonn siad go mbaineann úsáid an chineáil sin comhaontuithe le leagan amach dlíthiúil an mhargaidh leictreachais de réir dhlí an Aontais agus gur gnáthstruchtúr simplí conarthach é nach bhfuil beagchúram indéanta de ag an gCoimisiún.

- 28 Tugann na hiarratasóirí le tuiscint uaidh sin gurbh ábhar éiginnteachta ag an gCoimisiún na gníomhaithe díreacha a shocrú a d'fhéadfaidís an díolúine a bheith acu. Dá bhrí sin, thabharfaí air scéim cabhrach a údarú atáthar amhrasach i dtaobh a comhréireachta le dlí an Aontais. I ndáil leis sin, cuireann siad i dtreis, cé go sonraíonn an Coimisiún gur bhun aige le measúnú a dhéanamh ná an fhaisnéis arna soláthar ag Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Portaingéile agus fógra á thabhairt acu mar aon leis an bhfaisnéis sa bhreis arna tíolacadh ag na Ballstáit sin, nach raibh teacht acu ar an bhfaisnéis éagsúil sin. Mar sin, iarrann siad go gcuirfeadh an Coimisiún leis an gcáschomhad na fógraí mar le gach aon fhaisnéis is ábhartha don bheart fógartha arna cur in iúl dó ag na Ballstáit sin.
- 29 Leis an gceathrú saincheist dlí, cuireann na hiarratasóirí i leith an Choimisiún nach ndearna sé scrúdú ar chomhréireacht an bhirt fhógartha le prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Sa chomhthéacs sin, seasann siad air, go bunúsach, nárbh fhéidir gurb é is critéar comparáide nithe a fháil sa mhargadh mórdhíola nó miondíola, ach an 'infhálaitheacht agus fálú a soláthair leictreachais', agus cuireann siad i dtreis gur cosúil go mór a gcás agus cás na dtomhaltóirí díreacha sa mhargadh mórdhíola, is é sin na gnóthais a fhaigheann leictreachas sa mhargadh sin chun a leasa féin.
- 30 Measann an Coimisiún, agus Ríocht na Spáinne ag aontú leis, nach léirítear leis an dá saincheist dlí sin gurbh ann do dhua mór.
- 31 Is léir ón dá saincheist dlí sin a léamh le chéile gur chuir na hiarratasóirí trí ghearán ar aghaidh, go bunúsach, le léiriú go raibh dua mór ann b'údar é le nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh. Ar an gcéad dul síos, measann siad go bhfágann léamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid gurbh ábhar éiginnteachta ag an gCoimisiún na ceannaitheoirí leictreachais a shocrú go díreach a d'fhéadfaidís an díolúine a bheith acu. Ar an dara dul síos, seasann siad air nach raibh beagchúram indéanta de ag an gCoimisiún gur áirithigh ceannaitheoirí áirithe sa mhargadh miondíola leictreachais seasmhacht phraghsanna a soláthair trí chomhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta. Ar an tríú dul síos, measann siad gurb inchurtha cás na gceannaitheoirí sa mhargadh miondíola a bhaineann feidhm as a leithéid de chomhaontuithe le cás na dtomhaltóirí díreacha sa mhargadh mórdhíola, ar dá réir a sháraítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe leis an mbeart fógartha.
- 32 Ar an gcéad dul síos, is fíor go bhfágann, *inter alia*, míreanna 4 go 7, 24 agus 33 go 39 den chinneadh atá faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, gurb é is cuspóir don bheart fógartha laghdú ar phraghsanna an leictreachais sa chomhthéacs ina bhfuil méadú ar phraghsanna na mbreoslaí, rud a bhaineann le comhthéacs na ngéarchéimeanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu sna margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus, ar an dara dul síos, go bhféachtar tríd an mbeart leis an gcuspóir sin a bhaint amach trí fhoinsí áirithe leictreachais a fhóirdheonú ar mhaithe leis an bpraghas a laghdú sa mhargadh mórdhíola, rud a d'fhágadh, dá bhrí sin, go dtiocfadh laghdú ar phraghsanna sa mhargadh miondíola.

- 33 Ar an gcéad dul síos, maidir le foinsí fuinnimh fóirdheonaithe, is léir ó mhíreanna 33 go 39 den chinneadh atá faoi chonspóid go bhfuil sé i gceist leis an mbeart fógartha laghdú a dhéanamh idir ar na costais ginte atá ar ghléasraí cumhachta breoslaí iontaise agus ar na tairiscintí chuireann siad ar fáil in aghaidh an lae, *inter alia*, sa mhargadh mórdhíola leictreachais. De réir mhír 43, tá an fóirdheontas comhfhreagrach le ríomh agus le rialú go hiarbhrí ag OMIE.
- 34 Ar an dara dul síos, de pháirt, fágann mír 44 den chinneadh atá faoi chonspóid go bhfuil ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola leictreachais faoi réir ranníocaíochta lena bhfálaítear cuid de chostais an bhirt toisc go bhfuil an laghdú chun a leasa, ar beart é a bhíonn an tsuim de á shocrú ag OMIE de réir an mhéid a fhaigheann siad sa mhargadh mórdhíola. Den pháirt eile, fágann mír 45(d) den chinneadh atá faoi chonspóid agus Airteagal 8(3) den bheart fógartha go ndíolmhaítear iad ón ranníocaíocht sin a dhéanamh le haghaidh na coda dá gceannacháin leictreachais ar ina leith a rinne siad comhaontuithe faoi leictreachas a sholáthar ar phraghas socraithe roimh an 26 Aibreán 2022, ar an gcoinníoll go dtabharfaí fógra faoi na comhaontuithe sin do OMIE faoi na tréimhsí arna sonrú leis an mbeart sin. Fágann míreanna 46 agus 48 den chinneadh atá faoi chonspóid chomh maith gur sealadach an díolúine sin a mhéid nach bhfuil feidhm le bheith aici ach le cásanna athnuaite comhaontuithe.
- 35 Ar an tríú dul síos, ó thaobh na gceannaitheoirí sa mhargadh miondíola, fágann léamh ar, *inter alia*, mhíreanna 6, 35, 49, 50 agus 134 den chinneadh atá faoi chonspóid le chéile go ndéantar idirdhealú de réir comhaontuithe rialaithe a bheith nó gan bheith déanta acu, is é sin tomhaltóirí a bhíonn praghas PVPC acu agus an lascaine ar a dtugtar ‘Bono social’ acu.
- 36 Go deimhin, is riachtanach an laghdú ar phraghas an leictreachais agus an méid ranníocaíochta a chur ar aghaidh i leith na gcomhaontuithe rialaithe sin amháin. Ó thaobh comhaontuithe neamhrialaithe, bhí údair an bhirt fhógartha ag brath, ó thaobh na bpraghsanna síoraithraitheacha, is é sin iad siúd lena léirítear go díreach éagsúlacht na bpraghsanna mórdhíola sna praghsanna tomhaltóirí, go gcuirfí an laghdú ar phraghas an leictreachais sa mhargadh mórdhíola agus méid na ranníocaíochta ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deireanacha. Ó thaobh na gcineálacha eile comhaontuithe neamhrialaithe, mheas na húdair gur bhain cur ar aghaidh an laghdaithe ar phraghas an mhargadh mhórdhíola agus na ranníocaíochta le cur i bhfeidhm na hiomaíochta, ó tharla go raibh an-chuid soláthróirí miondíola sa mhargaí de chuid na Spáinne agus na Portaingéile.
- 37 Ar an dara dul síos *agus* dá bhrí sin, níl bunús leis an ngearán maidir le héiginnteacht ó thaobh réim agus raon na díolúine sa chinneadh atá faoi chonspóid. Go deimhin, fágann míreanna 34 agus 35 thuas, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil feidhm ag an díolúine sin ach le ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola a rinne comhaontuithe faoi leictreachas a sholáthar ar chostas socraithe roimh an 26 Aibreán 2022 agus, ar an dara dul síos, go dtagann an tionchar – an laghdú praghaís sa mhargadh mórdhíola agus an rannaíocht fhéideartha – ar chomhaontuithe arna ndéanamh ag na tomhaltóirí deireanacha, seachas na comhaontuithe rialaithe, faoi raon feidhme na hiomaíochta sa mhargadh miondíola.
- 38 Le bheith níos cruinne faoi, ó thaobh mhíreanna 48, 80, 104 agus 142 den chinneadh atá faoi chonspóid, ar leag na hiarratasóirí béim air dá réir, go bunúsach, go bhféadfadh díolúine ón rannaíocht a bheith ag ceannaitheoirí áirithe sa mhargadh miondíola, ní mór a chinneadh nach inléirithe iad mar sin.

- 39 Ar an gcéad dul síos, an comhthéacs le mír 48 den chinneadh atá faoi chonspóid ná míreanna 44 go 48 dá dtagraítear i mír 34 den bhreithiúnas seo, a bhaineann leis an ranníocaíocht a bhfuil ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola leictreachais faoina réir agus lena ndíolúine fhéideartha. Le bheith níos cruinne faoi, léirítear léi seasamh na n-údarás de chuid na Portaingéile agus na Spáinne ar dá réir ar sealadach an díolúine í, nach bhfuil feidhm le bheith aici ach i gcás athnuaite comhaontuithe chun leictreachas ar phraghas socraithe a sholáthar agus, chuige sin, sonraítear inti gurb iondúil go mbíonn fad bliana amháin leo.
- 40 Ar an dara dul síos, ní dhéantar le mír 80 den chinneadh atá faoi chonspóid ach an t-idirdhealú a thabhairt chun cuimhne a dhéantar i mír 49 den chinneadh sin agus a leagtar amach i mír 35 thuas, ó thaobh chur ar aghaidh mhéid na ranníocaíochta, ar riachtanach é le haghaidh na dtomhaltóirí lena mbaineann comhaontuithe rialaithe agus a bhítear ag siúl leis ó na cinn eile.
- 41 Ar an tríú dul síos, is léir gan aon débhrí ó aithris 104 den chinneadh atá faoi chonspóid nach mbaineann sé ach le ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola. Le bheith níos cruinne faoi, scrúdaítear inti an dtéann an díolúine atá acu siúd a rinne comhaontuithe ceannaigh cumhachta ar phraghas socraithe sular tháinig an beart fógartha i bhfeidhm ar shochar roghnaitheach dóibh de réir Airteagal 107(1) CFAE.
- 42 Ar deireadh, ar an gceathrú dul síos, ó thaobh mhír 142 den chinneadh atá faoi chonspóid, is leor a chur i dtreis go dtagraíonn an Coimisiún dó go sainráite sa chéad abairt de ‘go ndíolmhaítear leis an mbeart na ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola leictreachais ón oibleagáid an ranníocaíocht a dhéanamh, ó thaobh an chuid dá gceannacháin a rinne siad comhaontuithe ceannaigh cumhachta ar phraghas socraithe ina leith roimh an 26 Aibreán 2022’. Dá bhrí sin, ní hintuigtear ó na breithnithe seo thíos maidir lena thábhachtaí agus atá sé baint de na rioscaí praghais trí fhálú airgeadais, mar a mhaíonn na hiarratasóirí, nach mór na comhaontuithe ar fad arna ndéanamh chun críocha fálaíthe, lena n-áirítear ag ceannaitheoirí sa mhargadh miondíola, a chur san áireamh ionas nárbh orthu a chuirfí costas na ranníocaíochta, fiú go hindíreach.
- 43 Ar an tríú dul síos, ó thaobh an ghearáin nár thug an Coimisiún san áireamh gur bhain na ceannaitheoirí sa mhargadh miondíola feidhm as comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta, ní féidir géilleadh dó.
- 44 Is deimhin go bhfuil sainghnéithe ag comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta amhail iad siúd arna ndéanamh ag na hiarratasóirí, ar dá réir, i bhfianaise fheidhmiú an bhirt fhógartha, a chuirtear méid na ranníocaíochta ar na ceannaitheoirí margadh miondíola a rinne siad, ach nach laghdaítear méid an leictreachais ar a son. Go deimhin, dá gcuirfeadh an soláthróir fisiceach costas na ranníocaíochta ar aghaidh de réir an bhirt fhógartha, an toradh a bheadh ar chomhaontú a chur i bhfeidhm le gnóthais eile, de bhun íocaíochtaí cúitimh de réir an mhéid atá idir an praghas sa mhargadh agus an praghas arna shocrú sa chonradh, nach laghdófaí praghas foriomlán an leictreachais a bhfuil údair an bhirt fhógartha ag brath air.
- 45 Ní mór a lua, áfach, nach léiríonn na hiarratasóirí go bhfuil fianaise ann lena dtugtar le tuiscint nach n-oireann comhaontuithe áirithe ceannaigh cumhachta arna ndéanamh ag na ceannaitheoirí miondíola, nó gur dona a n-oireann siad, de réir a struchtúir, don laghdú ar phraghas an leictreachais sa mhargadh mórdhíola a chur ar aghaidh, ar fianaise í atá lena bhféadfaí údar a thabhairt leis go ndéanadh an Coimisiún scrúdú ar níos mó ná na fíorais agus dlí arna gcur ar a shúile amháin, de réir an chásdlí dá dtagraítear i mír 18 thuas.

- 46 Ar an gcéad dul síos, ina bpléadálacha i scríbhinn, ní dhéanann na hiarratasóirí ach a chur i dtreis gur 'feasach an Coimisiún go bhfuil [comhaontuithe ceannaigh cumhachta] go fadtéarmach ann', rud a thugann siad le tuiscint uaidh gurb inroghnaithe ag tomhaltóir, de réir dhlí an Aontais, go soláthrófaí leictreachas mar sin. Ní inléirithe leis an méid sin a mhaíomh, áfach, gurbh eol do chách ar ghlacadh an chinidh atá faoi chonspóid ag an gCoimisiún go mbaineann ceannaitheoirí miondíola feidhm as comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta.
- 47 Ar an dara dul síos, ní mór a lua go bhfuil tagairt ghinearálta á déanamh ag na hiarratasóirí do dhoiciméid áirithe de chuid an Choimisiúin, gan sleachta na ndoiciméad sin a aithint a bhaineann lena gcomhionann de struchtúir chonarthaigh agus atá taobhaithe acu leo a chur chun cinn. Is amhlaidh atá i gcás an togra ón gCoimisiún an 14 Márta 2023 le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin 2019/943 agus (AE) 2019/942 agus Treoracha (AE) 2018/2001 agus 2019/944 chun feabhas a chur ar dheardh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM/2023/148 final) nó doiciméad oibre ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'Treoir do na Ballstáit maidir le dea-chleachtais chun dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite' (SWD/2022/0149 final). Cé gur deimhin go leagtar béim sna doiciméid sin ar an mbuntáiste atá inbhainte as comhaontuithe ceannaigh cumhachta a dhéanamh, ní thugtar faoi chás ar leith an chineáil comhaontuithe arna ndéanamh ag na hiarratasóirí, nach dtagraíonn siad, go dearfa, d'aon sleacht sonrach sna doiciméid sin.
- 48 I ndáil leis sin, is é an t-aon fhianaise arna cur ar aghaidh ag na hiarratasóirí lena dtarraingítear anuas, ina gcur i láthair, a struchtúr soláthair conarthach ná staidéar arna dhéanamh thar ceann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus an Choimisiúin. Is leor a chur i dtreis, áfach, gur anailís ionchasach í ar na deiseanna atá ann ar chomhaontuithe ceannaigh cumhachta a chur chun cinn san Aontas, lena n-áirítear a leithéid sin de chomhaontuithe agus a thug na hiarratasóirí i gcrích. Dá bhrí sin, ní hinléirithe léi gurbh eol do chách go mbaineann ceannaitheoirí miondíola feidhm as comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta, ar dá réir nár mhór don Choimisiún a chur san áireamh gurbh ann dóibh agus scrúdú á dhéanamh ar an mbeart fógartha.
- 49 Ar an gceathrú dul síos, ní fhéadfaí géilleadh don ghearán faoin sárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ach an oiread, a mhéid a cháineann na hiarratasóirí leis an bhaint atá ag raon feidhme na díolúine ón ranníocaíocht le ceannaitheoirí margaidh mórdhíola amháin.
- 50 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ní mór a lua gurb ionann a leithéid de cháineadh agus cur i leith an Choimisiúin gan a lua go raibh sé de thoradh ar raon feidhme na díolúine ón ranníocaíocht dul ar shochar roghnaitheach do cheannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola amháin agus, dá bhrí sin, gur Státchabhair ab ea í de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- 51 Go deimhin, tríd an measúnú ar an gcoinníoll maidir le roghnaitheacht an tsochair, féachtar le haithint nach bhfuiltear á caitheamh ar aon dul amháin, rud a bhfuil idirdhealaitheacht intugtha síos dó. Is éard atá i gceist leis a chinneadh, faoi chóras dlí ar leith, an dtaobhaítear tríd an mbeart náisiúnta atá i gceist le 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe' arb inchurtha a gcás fíorasach agus dlíthiúil le chéile, i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear leis an gcóras sin (féach breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Coimisiún v World Duty Free Group SA agus páirtithe eile*, C-20/15 P agus C-21/15 P, EU:C:2016:981, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 52 Ar an dara dul síos, ar an gcéad dul síos, ní mór a lua, i míreanna 97 go 101, 104 agus 105 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur scrúdaigh an Coimisiún an raibh an díolúine sin ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus chinn nárbh amhlaidh an cás, ós rud é nár comhlíonadh coinníoll na roghnaitheachta a bhaineann go dlúth leis an gcoincheap sin ina leith. Ar an taobh eile, is léir go sonrach níos mó ó mhír 104 den chinneadh atá faoi chonspóid nach ndearna an Coimisiún rialú sainráite ach ar cé acu ba bhun é leis an sochar roghnaitheach nár caitheadh ar aon dul amháin leis na ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola, ar dá réir a bheadh nó nach mbeadh díolúine acu, ach nár thug sé faoi gur féidir sochar roghnaitheach a bheith ann de dheasca na díolúine a chur ó cheannaitheoirí sa mhargadh miondíola.
- 53 Ar an tríú dul síos, áfach, i bhfianaise loighic an bhirt fhógartha, mar a thugtar chun cuimhne sa chinneadh atá faoi chonspóid (féach míreanna 32 go 36 thuas), ba léir nárbh inchomparáide cás na gceannaitheoirí sna margaí idir mhórdhíola agus mhiondíola ó thaobh rian laghdú na bpraghsanna sa mhargadh mórdhíola agus na ranníocaíochta ar phraghas an leictreachais, rud a d'fhág nach raibh rialú sainráite le tabhairt ag an gCoimisiún an raibh an bhaint eisiach a bhí ag raon feidhme na díolúine ón ranníocaíocht le ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola ina sochar roghnaitheach.
- 54 Go deimhin, ar thaobh amháin, faigheann ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola a gcuid leictreachais ar phraghas an mhargaidh sin. Is deimhin go dtéitear ar sochar dóibh de réir an mhéid, arna ríomh ag OMIE, atá idir praghas an mhargaidh atá ann de thoradh ar fhóirdheontas a thabhairt ar fhoinsí áirithe fuinnimh agus an méid a bheadh acu mura dtabharfaí an fóirdheontas sin. A dhála sin, tá de chúram ar OMIE méid na ranníocaíochta agus méid na díolúine atá ag na ceannaitheoirí nárbh fhéidir leo an laghdú ar na praghsanna sin a bheith acu a shocrú go sonrach.
- 55 Ar an taobh eile, cruthaítear an praghas sa mhargadh miondíola leictreachais ar bhonn an tsoláthair agus an éilimh sa mhargadh sin. Mar a leagtar amach i mír 36 thuas, chuir údair an bhirt fhógartha an méid sin san áireamh, a mhéid a bhí sé i gceist acu – seachas i gcás na gcomhaontuithe rialaithe – go gcuirfí ar aghaidh go hindíreach ní hamháin an laghdú ar phraghas an leictreachais ach méid na ranníocaíochta le tomhaltóirí chomh maith, de bharr na hiomaíochta sa mhargadh sin, trí thagairt a dhéanamh do roinnt soláthróirí mórdhíola sa Spáinn agus sa Phortaingéil.
- 56 De réir na mbreithnithe thuas, ní hinléirithe leis an tríú gearán de chuid na n-iarratasóirí go raibh dua mór ann b'údar é le nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh.
- 57 Níl chuirtear i gcoinne é sin le hargóintí na n-iarratasóirí gurbh inchomparáide a gcás agus cás na dtomhaltóirí díreacha sa mhargadh mórdhíola.
- 58 Ar an gcéad dul síos, cuirtear i gcás mar bhunús lena leithéid d'argóintí nár mhór don Choimisiún a chur san áireamh é féin gur shainiúil cás na gceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola a bhain feidhm as comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta. Ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 43 go 48 thuas, áfach, ní hinchurtha san áireamh a leithéid de chás.
- 59 Ar an taobh eile, dárbh inchomparáide, ach go háirithe, de réir na críche léi, fáil leictreachais ag tomhaltóirí díreacha sa mhargadh mórdhíola agus ag iarratasóirí, is é sin le rá chun a leasa féin agus ní chun críocha leictreachas a sholáthar do cheannaitheoirí ina dhiaidh sin, faightear an leictreachas sin in dá mhargadh ar leith nach bhfuil an t-aon loighic amháin le praghsanna a shocrú iontu mar sin féin, mar a leagtar amach i míreanna 53 agus 54 thuas.

- 60 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad agus don cheathrú saincheist dlí toisc iad a bheith gan bhunús.
- 61 Ó thaobh iarratas na n-iarratasóirí, go bunúsach, go gcuirfí sa cháschomhad idir na fógraí arna dtabhairt ag Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Portaingéile agus na teachtaireachtaí idir na Ballstáit sin agus an Coimisiún, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur faoin gCúirt atá sé measúnú a dhéanamh ar fheidhm na mbeart eagraithe nós imeachta arna n-iarraidh ag ceann de na príomhpháirtithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Iúil 1999, *Séché v an Coimisiún*, T-112/96 agus T-115/96, EU:T:1999:134, mír 284).
- 62 Ar dóigh gurb inchinn ag an gCúirt go bhfónfadh sé do sheoladh réidh an nós imeachta go n-iarrfaí go dtabharfaí doiciméid áirithe ar aird, ní mór don pháirtí atá ag déanamh an iarratais na doiciméid arna n-iarraidh a aithint agus íosbhunús a thabhairt don Chúirt leis an bhfeidhm atá ag na doiciméid sin do riachtanas an cháis (breithiúnas an 17 Nollaig 1998, *Baustahlgewebe v an Coimisiún*, C-185/95 P, EU:C:1998:608, mír 93; féach breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2013, *TF1 v an Coimisiún*, T-275/11, nár foilsíodh, EU:T:2013:535, mír 117 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin, ní mór don pháirtí sin, go háirithe, údair mhínithe chruinne ábhartha a thabhairt ar fheidhm fhéideartha na ndoiciméad i gceist maidir leis an díospóid a réiteach (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Iúil 2016, *Oikonomopoulos v an Coimisiún*, T-483/13, EU:T:2016:421, mír 253 (nár foilsíodh)).
- 63 Ar an gcéad dul síos, is fíor idir go raibh teacht ag na hiarratasóirí ar théacs an bhirt fhógartha agus, ar na cúiseanna arna leagan amach agus an tsaincheist dlí seo á scrúdú, gurb í is bunús leis loighic shoiléir atá bunaithe ar idirdhealú idir nithe a fháil sna margaí mórdhíola agus sna margaí miondíola
- 64 Ar an dara dul síos, féachtar leis tríd an iarratas ar bhearta eagraithe nós imeachta de chuid na n-iarratasóirí, mar gheall ar a réim, go gcuirfí doiciméid cháschomhad riaracháin an Choimisiúin faoi bhráid na Cúirte, bíodh nach bhfuil sé de cheart ag na hiarratasóirí, fiú mar pháirtithe leasmhara, teacht a bheith acu ar an gcáschomhad sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Meitheamh 2010, *an Coimisiún v Technische Glaswerke Ilmenau*, C-139/07 P, EU:C:2010:376, mír 58).
- 65 Ar an tríú dul síos, sna himthosca sin, ba ghá do na hiarratasóirí íosbhunús a thabhairt dó, lasmuigh de théacs an bhirt fhógartha, gur tugadh faoin gceist maidir le feidhm a bhaint ag na ceannaitheoirí sa mhargadh miondíola as comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta nuair a bhí teachtaireachtaí á ndéanamh maidir leis an bhfógra, rud atá á bhréagnú ag an gCoimisiún agus Ríocht na Spáinne araon. Mar sin féin, ní mór a chinneadh nach bhfuil an t-íosbhunús sin ann.
- 66 Mar sin, ní mór diúltú don iarratas de chuid na n-iarratasóirí ar bhearta eagraithe nós imeachta.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear, go bunúsach, gur díreireach an beart fógartha

- 67 Seasann na hiarratasóirí air, go bunúsach, nár mhór don Choimisiún a chinneadh nárbh iomchuí comhréireach an beart fógartha agus an nós imeachta foirmiúil um scrúdú a thionscnamh mar sin. Cáineann siad, i ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, gur cuireadh caíonna áirithe le praghsanna leictreachais a fhálú ó raon feidhme na díolúine, is é sin trí comhaontuithe airgeadais ceannaigh

cumhachta a úsáid, ar an dara dul síos, go ndearnadh nach bhfuil díolúine infhaighte ach ag ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola agus, ar an tríú dul síos, nár chuir an Coimisiún éifeachtaí an bhirt fhógartha do thomhaltóirí deireanacha atá san aon chás leo san áireamh.

- 68 Tugann an Coimisiún chun cuimhne i dtosach báire, agus Ríocht na Spáinne ag aontú leis, nár ceanglaíodh air cás na gceannaitheoirí leictreachais sa mhargadh miondíola a chur san áireamh atá san aon chás leis na hiarratasóirí. Measann sé nárbh údar aon dua mhóir an scrúdú ar chomhréireacht an bhirt fhógartha, ach go háirithe.
- 69 I dtosach báire, a mhéid a chuirtear i gcás mar bhunús lena leithéid d'argóintí nár mhór don Choimisiún sainchás na gceannaitheoirí sa mhargadh miondíola a chur san áireamh a thug an cineál comhaontuithe arna ndéanamh is fearr leis na hiarratasóirí, ní mór diúltú di ar dtús ar chúiseanna is cosúil leis na cúiseanna arna leagan amach i míreanna 43 go 48 thuas.
- 70 A dhála sin, is as léamh earráideach ar an gcinneadh atá faoi chonspóid a leanann argóintí na n-iarratasóirí gur cuireadh cineál comhaontuithe ceannaigh cumhachta ó raon feidhme na díolúine leis an mbeart fógartha. Ar na cúiseanna arna leagan amach i míreanna 33 go 35 thuas, ní faoi réir an chineáil comhaontuithe arna ndéanamh ach an mhargaidh ina gceannaítear an leictreachas atá raon feidhme na díolúine dá bhforáiltear i mír 45(d) den chinneadh atá faoi chonspóid ag brath ar chineál.
- 71 An t-aon cheist atá ábhartha mar sin ná an raibh sé ina dhua mór ó thaobh na comhréireachta de nach raibh baint ag an díolúine ach le ceannaitheoirí sa mhargadh mórdhíola.
- 72 Ceanglaítear trí phrionsabal na comhréireachta, a thugtar chun cuimhne in Airteagal 5(4) CAE, nach dtéitear trí ghníomhartha an Aontais thar a bhfuil iomchuí riachtanach chun na cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach faoina dtugtar leis an reachtaíocht i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 1984, *Denkavit Nederland*, 15/83, EU:C:1984:183, mír 25), ós rud é, i gcás ina bhfuil rogha ann idir roinnt bearta iomchuí, nach mór feidhm a bhaint as an gceann is lú teorantaí agus gur cheart nach bhfuil na míbhuntáistí arna gcothú díréireach maidir leis na gcuspóirí i gceist (breithiúnas an 30 Aibreán 2019, *an Iodáil v an Chomhairle (Cuótaí ar iascach colgán de chuid na Meánmhara)*, C-611/17, EU:C:2019:332, mír 55).
- 73 Mar sin, tá trí ghné leis an mbealach a chuirtear chuig prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh trí bheart. Baineann an chéad ghné lena iomchuibheas, is é sin a inbhainte amach agus atá an cuspóir dlisteanach faoina dtugtar tríd. Baineann an dara gné leis an ngá leis agus ciallaíonn sé nach bhféadfaí an cuspóir dlisteanach sin a bhaint amach trí chaíonna atá níos lú teorantaí ach chomh hiomchuí céanna (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2013, *Dansk Jurist- og Økonomforbund*, C-546/11, EU:C:2013:603, mír 69). Ar deireadh, baineann an tríú gné, ar minic a thugtar 'comhréireacht sa chruinnchiall' uirthi, lena chomhréireach, is é sin míbhuntáistí gan bheith ann atá i ndíríocht leis na cuspóirí faoina dtugtar (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Márta 2013, *an Pholainn v an Coimisiún*, T-370/11, EU:T:2013:113, mír 89, agus an 26 Meán Fómhair 2014, *Romonta v an Coimisiún*, T-614/13, EU:T:2014:835, mír 74).
- 74 Le bheith níos cruinne faoi, ó thaobh na gné a bhaineann le riachtanas an bhirt fhógartha, fágann cásdlí comhsheasmhach nach bhfuil rialú teibí le tabhairt ag an gCoimisiún ar gach beart malartach insmaoinimh, ós rud é, i gcás ina bhfuil mionchuntas le tabhairt ag an mBallstát ar na cúiseanna le glacadh na scéime cabhrach i gceist, go háirithe ó thaobh na gcrítear cáilitheachta ar glacadh leo, nach gceanglaítear air a léiriú, go deimhneach, nach bhfuil a shárú de bheart insmaoinimh ann, ar beart cur i gcás é faoi mar a thuigfeá, arbh ináirithe leis an cuspóir faoina

dtugtar. Mura mbeadh an Ballstát sin faoi réir a leithéide d'oibleagáid, ní fhéadfaí bunús a bheith ag an iarratasóir le hiarraidh ar an gCúirt ceangal ar an gCoimisiún cúram an chuardaigh reachtaigh a ghlacadh ó na húdarás náisiúnta ar mhaithe le gach beart malartach insmaoinimh a scrúdú (féach breithiúnas an 6 Bealtaine 2019, *Holland Malt v an Coimisiún*, T-135/17, nár foilsíodh, EU:T:2019:287, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 75 Ina theannta sin, ó tharla go gcuireann na hiarratasóirí i gcoinne an mheasúnaithe ar chomhréireacht scéime cabhrach a mheas an Coimisiún a bheith i gcomhréir le hAirteagal 107(3)(b) CFAE tríd an tsaincheist seo, ní mór a thabhairt chun cuimhne go bhfuil corrlach mór lánroghnach ag an gCoimisiún de réir Airteagal 107(3) CFAE ar dá réir a bhfuil measúnuithe casta eacnamaíochta agus sóisialta le déanamh (féach breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Bayerische Motoren Werke agus Freistaat Sachsen v an Coimisiún*, C-654/17 P, EU:C:2019:634, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear), rud a fhágann gur cheart gurb é amháin atá i gceist leis an ngrinnscrúdú breithiúnach ná fíorú a dhéanamh an bhfuil na rialacha nós imeachta agus maidir le cúiseanna a lua, ar chruinneas ábhartha na bhfíoras agus ar earráid fhollasach measúnaithe, earráid dlí ná mí-úsáid cumhachta gan bheith ann (féach breithiúnas an 22 Nollaig 2008, *Régie Networks*, C-333/07, EU:C:2008:764, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 76 Ar an gcéad dul síos, mar a cuireadh i dtreis i mír 32 thuas, is fíor go raibh sé de chuspóir ag an mbeart fógartha praghsanna an leictreachais a laghdú sa chomhthéacs ina raibh méadú mór ar phraghsanna na mbreoslaí, rud a bhaineann le comhthéacs na ngéarchéimeanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu sna margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar dtús, ní chuireann na hiarratasóirí i gcoinne ábharthacht an chomhthéacs sin agus a thionchar ar phraghsanna. Anuas air sin, tagann a leithéid de chuspóir leis an gcuspóir dá bhforáiltear in Airteagal 107(3)(b) CFAE, trína bhféachtar le 'suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas'.
- 77 Ar an dara dul síos, mar a cuireadh i dtreis i mír 32 den bhreithiúnas seo chomh maith, féachtar tríd an mbeart fógartha sin leis an gcuspóir sin a bhaint amach trí fhoinsí áirithe leictreachais a fhóirdheonú ar mhaithe leis an bpraghas a laghdú sa mhargadh mórdhíola, rud a d'fhágfadh, dá bhrí sin, go dtiocfadh laghdú ar phraghsanna sa mhargadh miondíola. Ina theannta sin, mar a fhágann míreanna 33 go 35 agus 53 go 56 thuas, tagann cur ar aghaidh laghdú na bpraghsanna sa mhargadh miondíola, seachas ó thaobh comhaontuithe rialaithe, faoi raon feidhme na hiomaíochta sa mhargadh miondíola.
- 78 Sa chomhthéacs sin, ar an gcéad dul síos, b'inchinnnte ag an gCoimisiún, gan earráid fhollasach mheasúnaithe a dhéanamh, i míreanna 131 go 134 den chinneadh atá faoi chonspóid, nár bh inbhainte amach na cuspóirí dlisteanacha sin de réir na hiomaíochta murarbh ann don bheart fógartha.
- 79 Ar an dara dul síos, is fíor go gcuirtear chun cinn an tsaoirse socraithe praghsanna leictreachais ar bhonn an tsoláthair agus an éilimh le hAirteagal 3(a) agus (b) de Rialachán 2019/943 agus Airteagal 5(1) de Threoir 2019/944. Sonraítear sna hAirteagail sin go '[m]bunófar praghsanna ar bhonn éilimh agus soláthair', gur 'le rialacha margaidh[a] spreagfar praghasmhúnlú saor agus seachnófar gníomhaíochtaí lena gcuirtear cosc ar phraghasmhúnlú ar bhonn éilimh agus soláthair', go '[mb]eidh saoirse ag soláthróirí an praghas ag a soláthróidh siad leictreachas do na custaiméirí a chinneadh' agus go '[nd]éanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí iomchuí chun iomaíocht éifeachtach idir na soláthróirí a áirithiú'.

- 80 Ní mór a chinneadh, go gcaomhnaítear a mhéid is féidir, tríd an mbeart fógartha, a mhéid a chuirtear bac ar idirghabháil dhíreach a dhéanamh ag na húdarás naisiúnta i socrú praghsanna an mhargaidh mórdhíola agus nach gcuirtear é i bhfeidhm maidir leis an margadh miondíola, ach amháin ó thaobh comhaontuithe rialaithe, an tsaoirse socraithe praghsanna leictreachais ar bhonn an tsoláthair agus an éilimh atá i Rialachán 2019/943 agus i dTreoir 2019/944.
- 81 Ar an tríú dul síos, a mhéid a sheasann na hiarratasóirí air go raibh an laghdú ar phraghas an leictreachais sa mhargadh miondíola le scrúdú trí fhoráil a dhéanamh d'fhógraí a bheith intugtha ag na ceannaitheoirí sa mhargadh sin ar a gcomhaontuithe chun leictreachais a cheannach ar mhaithe le díolúine a bheith acu, mar atá siad, ón ranníocaíocht a dhéanamh, cuireann siad a mhalairt de chur chuige chun tosaigh ar an gcur chuige is fearr leis na Ballstáit agus a d'fhormhuinigh an Coimisiún, ar cur chuige é atá dochurtha san áireamh de réir an chásdlí dá dtagraítear i mír 74 den bhreithiúnas seo.
- 82 Is fíor ach go háirithe go gclaontar níos mó fiú tríd an gcur chuige dá dtagraíonn na hiarratasóirí ó loighic an phrionsabail maidir leis an tsaoirse socraithe praghsanna leictreachais faoi Threoir 2019/944 agus faoi Rialachán 2019/943 agus nach bhféadfaí a mheas gur gá é de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 73 thuas mar sin.
- 83 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara saincheist dlí.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear Rialachán 2019/943 agus Treoir 2019/944 leis an mbeart fógartha

- 84 Maíonn na hiarratasóirí, ós rud é go gclaontar leis an mbeart fógartha ón bprionsabal maidir leis an tsaoirse socraithe praghsanna, nár mhór na coinníollacha maidir le maolú ar chur i bhfeidhm an phrionsabail sin a chomhlíonadh leis, atá in Airteagal 5(4) de Threoir 2019/944, rud nárbh amhlaidh an cás, de dheasca éifeachtaí an bhirt fógartha do thomhaltóirí leictreachais atá in aon chás leo.
- 85 Ní mór a thabhairt faoi deara nach gcuirtear i gcás mar bhunús leis an tsaincheist dlí seo ach nár mhór don Choimisiún cás na gceannaitheoirí leictreachais sa mhargadh miondíola a rinne comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta. Mar sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí ar dtús, ar chúiseanna is cosúil leis na cúiseanna arna leagan amach i míreanna 43 go 48 thuas, mar a áitíonn an Coimisiún agus Ríocht na Spáinne i gceart.

An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh

- 86 Cuireann na hiarratasóirí in iúl gur mhol an Coimisiún agus, ar bhonn níos ginearálta, an tAontas Eorpach comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta a dhéanamh, go háirithe d'fhonn fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn. Tugann siad le tuiscint uaidh sin go bhféadfaidís a bheith ag súil le bunús nach gcaithfí chomh maith céanna leo agus a chaithfí le gnóthais nár fhéach le rioscaí an mhargaidh a fhálú, struchtúr níos fearr a chur orthu féin agus a bheith níos lú truaillithí.
- 87 Maíonn an Coimisiún, agus Ríocht na Spáinne ag aontú leis, nach raibh aon údar ionchais dhlisteanaigh ag na hiarratasóirí.

- 88 De réir cásdlí comhsheasmhach, tá prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh ar bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh agus is inagartha é ag gach oibreoir eacnamaíoch a raibh institiúid ag súil le nithe uaidh le bunús trí ghealltanais shonracha a sholáthar (féach breithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2013, *Kone agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-510/11 P, nár foilsíodh, EU:C:2013:696, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 89 Is í atá i gceist lena leithéid de ghealltanais, gan beann ar an mbealach a thugtar fógra orthu ná faisnéis shonrach neamhchoinníollach chomhsheasmhach ó fhoinsí údaráithe iontaofa. Os a choinne sin, ní fhéadfadh aon duine sárú ar an bprionsabal sin a agairt murab ann do ghealltanais shonracha arna dtabhairt dó ag na húdaráis (féach breithiúnas an 14 Feabhra 2006, *TEA-CEGOS v an Coimisiún*, T-376/05 agus T-383/05, EU:T:2006:47, mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 90 Ní mór a chinneadh go gcuirtear i gcás mar bhunús le hargóintí na n-iarratasóirí gur chuir an Coimisiún ionchas dlisteanach orthu ar dá réir a chaithfí níos lú fabhraí ar a laghad le tomhaltóirí deiridh a bhain feidhm as na comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta ná tomhaltóirí a thug cineálacha comhaontuithe eile i gcrích.
- 91 I ndáil leis sin, is leor a chur in iúl, ar chúiseanna is cosúil leis na cúiseanna arna leagan amach i míreanna 46 go 48 den bhreithiúnas seo, nár thug na hiarratasóirí aon fhianaise ar aird lena léirítear go bhfuil faisnéis shonrach neamhchoinníollach chomhsheasmhach ó fhoinsí údaráithe iontaofa ar choinníoll go gcuirfí san áireamh cás na dtomhaltóirí a úsáideann comhaontuithe airgeadais ceannaigh cumhachta ar fheidhmiú a chumhachtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar Státchabhair ag an gCoimisiún.
- 92 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chúigiú saincheist dlí.
- 93 Fágann an méid roimhe seo nach inléirithe ag aon cheann de na forais arna gcur chun cinn ag na hiarratasóirí nár mhór a fhios a bheith ag an gCoimisiún gurbh ann do dhua mór ar dá réir a bhí an nós imeachta foirmiúil um scrúdú ar an mbeart fógartha le tionscnamh.
- 94 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chaingean.

Costais

- 95 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ordáitear don pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis. Ós rud é nár éirigh leis na hiarratasóirí, ní mór ordú a thabhairt dóibh a gcostais féin a íoc, mar aon leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún, de réir an ordaithe atá á lorg aige.
- 96 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, íocfaidh na Ballstáit a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostais féin. Ordáitear do Ríocht na Spáinne a costais féin a íoc.

Ar na forais sin,

rialáonn AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. Déantar an chaingean a dhiúltú;

2. Ordaítear do PGI Spain, SL, Berry Superfos Pamplona, SA, Promens Packaging, SA, RPC Envases, SA agus Zeller Plastik España, SL a gcostais féin agus costais an Choimisiún Eorpaigh a íoc;

3. Ordaítear do Ríocht na Spáinne a costais féin a íoc.

Van der Woude

Škvařilová-Pelzl

Nömm

Steinfatt

Kukovec

Arna thabhairt i gcúirt phoiblí Lucsamburg, an 12 Márta 2025.

Sínithe